Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

12677/23

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2023/0229(NLE)**
**2023/0230(NLE)**

**JAI 1112**
**FRONT 268**
**VISA 183**
**SIRIS 77**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11758/23+ADD1,11760/23+ADD1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais don bhainistiú teorainneacha agus don bheartas víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha don tréimhse 2021 go 2027<br>- Glacadh<br>Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais don bhainistiú teorainneacha agus don bheartas víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha don tréimhse 2021 go 2027<br>- Iarraidh ar an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa |

1. An 21 Feabhra 2022, ghlac an Chomhairle an Cinneadh lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an Íoslainn, Ríocht na hIorua, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin d'fhonn Comhaontuithe a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus na tíortha sin maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, chomh maith leis na treoracha caibidlíochta.

2. Is é is cuspóir don chomhaontú an ranníocaíocht ó Chónaidhm na hEilvéise a shocrú don Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí don tréimhse 2021-2027 agus maidir leis na rialacha forlíontacha is gá le haghaidh na rannpháirtíochta sin.

3. Thug an Coimisiún agus Cónaidhm na hEilvéise an chaibidlíocht chun críche go rathúil. An 10 Iúil 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais don bhainistiú teorainneacha agus don bheartas víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, agus togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe[1]. Dhearbhaigh na toscaireachtaí go n-aontaíonn siad leis na tograí ag an gcruinniú de Chomhairleoirí CGB (Frontiers) a bhí ar siúl an 24 Iúil 2023.

4. Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle[2]; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

5. I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

6. Ba cheart an Comhaontú a shíniú.

---

[1] 11758/23 + ADD 1 agus 11760/23 + ADD 1.

[2] Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

7. Dá bhrí sin, moltar do Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle, ag seisiún a bheidh aici amach anseo:

   a) an Cinneadh lena n-údaraítear síniú an Chomhaontaithe a ghlacadh mar mhír ‘A’. Leagtar amach téacs an Chinnidh agus téacs an Chomhaontaithe, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch orthu, in 12119/23 agus 12120/23 faoi seach;

   b) a chinneadh go bhfoilseofar téacs an Chinnidh thuasluaite san Iris Oifigiúil;

   c) a chinneadh an dréachtchinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, mar a leagtar amach in 12122/23 é agus ar chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air, a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.

8. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE agus seolfar an cinneadh maidir le síniú chuig an bParlaimint.